An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar na cáipéisí eolais agus treoracha don athbhreithniú ar na hábhair i dTráinse 3

Bealtaine 2025

# Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ..... 1

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 3

**Freagraí ar an gcomhairliúchán** ..... **3**

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ..... 4

**Eolaíocht Talmhaíochta** ..... **4**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 4
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 5

**Grafaic Dheartha agus Chumarsáide** ..... **7**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 7
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 8

**Stair** ..... **10**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 10
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 11

**Eacnamaíocht Bhaile** ..... **12**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 12
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 13

**Matamaitic** ..... **14**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 14
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 15

**Ceol** ..... **17**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 17
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 18

**Fisic agus Ceimic** ..... **20**
- Deiseanna agus Dúshláin ..... 20
- Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm ..... 21

CUID 3: CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 23

TAGAIRTÍ: ..... 24

# Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ó Aire Oideachais na linne sin, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 3 i gcrích in 2026 lena dtabhairt isteach sna scoileanna i Meán Fómhair 2027. Chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar na hábhair i dTráinse 3, forbraíodh Cáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh gach ábhair[1].

Tugann na Cáipéisí Eolais forbhreathnú ar an gcomhthéacs reatha ina bhfuil athbhreithniú agus athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 3 ag tarlú. Mar bhonn eolais faoi na cáipéisí eolais sin, bhí tuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí, a bailíodh trí shraith de chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Chuimsigh gach cáipéis breithniú ar fhorbairtí beartais ábhartha agus bhreathnaigh ar an gcaoi a ndéantar soláthar do gach ábhar laistigh de churaclam na hÉireann faoi láthair. Cuimsíonn na cáipéisí forbhreathnú ar dheiseanna oideachais comhchosúla go hidirnáisiúnta, tríd an gcaoi a dtairgtear na réimsí curaclaim i ndlínsí éagsúla a léiriú, agus ansin críochnaíonn le saincheisteanna a sainaithníodh lena mbreithniú agus sonraíocht úr nó athbhreithnithe á forbairt agus trí threoir bheartaithe a leagan amach chun obair na meithle forbartha a threorú.

D'fhaomh an Chomhairle na Cáipéisí Eolais agus Treoracha sin le haghaidh comhairliúcháin ar an 11 Nollaig 2024, agus bhí an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 6 Eanáir go dtí an 28 Feabhra 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin ar na Cáipéisí Eolais agus Treoracha ná tuairimí páirtithe

[1] Níor forbraíodh aon Cháipéis Eolais agus Treoir d'ábhar thráinse 3 na Ríomheolaíochta toisc go ndearnadh athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath na sonraíochta sin in 2022. Tá an tuarascáil ar an athbhreithniú sin ag tacú le Meitheal Forbartha na Ríomheolaíochta ina gcuid oibre.

leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach chun bonn eolais a chur faoi obair na meithleacha forbartha.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe den aiseolas seo sna codanna a leanas den tuarascáil seo. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus cuireann Cuid a Trí conclúid i láthair chomh maith leis na chéad chéimeanna eile a aithint.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bhí an comhairliúchán bunaithe ar shuirbhé ar líne mar a raibh ceithre cheist a dhírigh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hathfhorbairt an ábhair agus ar na tacaíochtaí a theastaíonn le go n-éireoidh le hathfhorbairt agus cur i bhfeidhm an ábhair.

Tá sonraí sa tábla thíos ar an leibhéal rannpháirtíochta leis an gcomhairliúchán.

| Ábhar | Líon na bhfreagraí |
|---|---|
| Eolaíocht Talmhaíochta | 30 |
| Grafaic Dheartha agus Chumarsáide | 69 |
| Stair | 129 |
| Eacnamaíocht Bhaile | 218 |
| Matamaitic | 281 |
| Ceol | 122 |
| Fisic agus Ceimic | 12 |

*Tábla 1: Líon na bhfreagraí ar shuirbhé ar líne*

I gcás na Staire, na Matamaitice agus na Fisice agus Ceimice, fuarthas aighneachtaí scríofa chomh maith. Fuarthas 4 cinn don Stair, 4 cinn don Mhatamaitic agus 1 cheann don Fhisic agus Ceimic.

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Tá léargas sa chuid seo, ó ábhar go hábhar, ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin do gach ceann de na hábhair i dtráinse 3.

## Eolaíocht Talmhaíochta

Bhí 30 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024a). Cuireadh léargais luachmhara ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hathfhorbairt an ábhair in iúl, mar aon le tuairimí ar shocruithe measúnaithe agus ar na tacaíochtaí riachtanacha a bheadh ag teastáil le go n-éireodh le cur i bhfeidhm na sonraíochta curaclaim athfhorbartha agus tá achoimre orthu seo go léir thíos.

### Deiseanna agus Dúshláin

Ar an dúshlán ba mhó a shainaithin na múinteoirí, bhí go gcinnteofaí soiléireacht i dtorthaí foghlama na sonraíochta athfhorbartha. Braitheann roinnt daoine go bhfuil easpa soiléireachta ag baint le torthaí foghlama na sonraíochta reatha, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar chumas múinteoirí a bheith muiníneach gur ullmhaigh siad a gcuid scoláirí go leorga chun lán-acmhainneacht a bhaint amach i scrúdú na hArdteistiméireachta. Thug roinnt freagróirí le fios gur cheart go mbeadh cothromaíocht idir soiléireacht agus solúbthacht sa tsonraíocht, rud a chinnteodh go mbeadh an t-ábhar ábhartha i gcónaí don scoláire. Ghlac daoine eile leis mar dheis chun inneachar a bhaineann le scrúdcheisteanna a shonrú.

Sonraíodh gur cheart go léireofaí níos mó measa ar an Eolaíocht Talmhaíochta mar ábhar eolaíochta agus tugadh le fios go bhféadfaí é sin a bhaint amach dá mbeifí le glacadh le gnéithe deartha a bheadh ar aon dul leis na sonraíochtaí Bitheolaíochta, Ceimice agus Fisice a forbraíodh le déanaí, amhail 'Nádúr na hEolaíochta' mar shnáithe aontaitheach agus téamaí trasghearrtha *na hInbhuanaitheachta*, *na Sláinte* agus *na Teicneolaíochta*. Fáiltíodh freisin roimh an leibhéal céanna soiléireachta sa cholún 'foghlaimíonn an scoláire faoi' do shonraíocht athfhorbartha na hEolaíochta Talmhaíochta. Shonraigh roinnt freagróirí nach luaitear an talmhaíocht in aon chor sa tsraith shóisearach agus mhol go gcuirfí béim níos mó ar an talmhaíocht ar fud ábhair na sraithe sóisearaí, lena n-áireofaí in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí chun tacú leis an ailíniú agus le níos mó leanúnachais agus dul chun cinn chuig an tsraith shinsearach a éascú.

Tugadh le fios go bhféadfaí leibhéal na mionsonraí a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn roinnt réimsí den tsonraíocht reatha á n-imscrúdú a laghdú, lena n-áireofaí:

- fiosrú leitheadach ar an gcaitianmhalartú i dtaca le hIthreacha
- gníomhaíochtaí praiticiúla sonraithe (GPSanna) áirithe.

Tugadh le fios go bhféadfaí GPSanna a bhaineann leis an ngéinitic agus le hibridiú plandaí, go háirithe, a athmheas nó a bhaint. Cuirtear síos dóibh nach bhfuil ag éirí leo faoi láthair agus, i gcásanna áirithe, cé go múintear an teoiric, nach bhfaigheann an scoláire an deis na gníomhaíochtaí praiticiúla a chur i gcrích. Luaigh roinnt freagróirí éagothroime bhraite maidir le rochtain agus dúshlán i dtaca leis na GPSanna. Meastar go bhfuil cuid acu ró-éasca agus cuirtear síos do chinn eile go bhfuil siad rófhada agus anásta lena gcur i gcrích le linn rang aon uair an

chloig. Thug freagróirí le fios gur cheart fócas méadaithe a bheith ann ar an inbhuanaitheacht agus ar an mbithéagsúlacht mar aon le fócas ar tháirgí de chuid thalmhaíocht na hÉireann. Léiríodh buaireamh go dtacaíonn cur i láthair na sonraíochta mar atá faoi láthair le teagasc atá sainiúil do thopaicí, agus go bhféadfaí, le hathfhorbairt, meabhrú ar chur i láthair a tharraingeodh aird ar théamaí nó coincheapa faoi leith (m.sh. inbhuanaitheacht) a thacódh le foghlaim agus teagasc a cheanglódh agus a chomhtháthódh foghlaim a bheadh bainteach le hithreacha, barra, agus ainmhithe, mar shampla.

Rinneadh plé go leor ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB). Chonacthas do roinnt freagróirí gur deis a bheadh in ualú méadaithe an CMB go dtí 40%, cé gur mheas daoine eile gur dúshlán atá ann agus b'fhearr leo go gcoinneofaí an t-ualú ag 25%. Ar na fáthanna a luadh leis an mbuaireamh seo, bhí an bhéim mhéadaithe ar CMBanna sa tsraith shinsearach agus an t-ualach a chuireann sé seo ar an scoláire, mar aon leis na himpleachtaí ó thaobh acmhainní de ar scoileanna, lena n-áirítear an gá atá le treoir i dtaca le húsáid IS. Moladh réimse de smaointe le haghaidh CMB athshamhlaithe, lena n-áirítear ionchorprú na foghlama ó shuíomh talmhaíochta ar ar thug an scoláire cuairt. Luadh buntáistí na hoibre cúrsa ar an siollabas roimh 2019, rud a chuir ar chumas an scoláire taithí fíorshaoil a fháil ar fheirm. Moladh eile ná go mbeadh ar an scoláire líon níos lú de thionscadail a chur i gcrích agus go gcuirfí iad seo le chéile le CMB a dhéanamh. Braitheadh go bhféadfadh sé go mbeadh d'acmhainn aige sin brúnna ar mhúinteoirí a laghdú i dtaca le rochtain ar shaoráidí saotharlainne a shocrú.

Mheas roinnt daoine gur deis a bhí in athfhorbairt shonraíocht na hEolaíochta Talmhaíochta, agus gan ach sé bliana caite, chun tuairimí éagsúla a chloisteáil agus chun an bhéim a athchalabrú ar cheisteanna criticiúla amhail an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Feictear do dhaoine eile gur dúshlán í an athfhorbairt agus iad buartha go mbeadh roinnt múinteoirí díreach tar éis teacht isteach ar an tsonraíocht reatha agus tuiscint a fháil uirthi. Luadh tábhacht ghuth an mhúinteora, ag gach céim d'obair na hathfhorbartha, lena n-áirítear ar mheithleacha forbartha, mar chuid d'imeachtaí comhairliúcháin agus le linn cuairteanna scoile fairsinge ionadaíocha.

## Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Léiríodh san aiseolas buarthaí maidir le titim bhraite ar líon na scoláirí atá ag roghnú na hEolaíochta Talmhaíochta le blianta beaga anuas. D'fhéadfadh sé gur bealach le dul i ngleic leis an titim seo iad deiseanna le foghlaim cheart ábhartha a shainiú a d'fhreagródh do spéiseanna ilchineálacha an scoláire. Bhain roinnt moltaí i dtaca leis seo le dearcadh córasach níos leithne i leith athfhorbartha agus cur i bhfeidhm. Chuimsigh siad sin sonraíocht a bheadh ní b'ábhartha don scoláire a bheadh ag dul chun cinn chuig staidéar breise ar an talmhaíocht, agus, san am céanna, an t-ábhar a dhéanamh níos indéanta don uile scoláire, lena n-áireofaí iad sin a bheadh ag tabhairt faoi ag an ngnáthleibhéal. Mhol freagróirí sonraíocht ina mbeadh meas ar an ilchineálacht sa churaclam agus sna heispéiris foghlama bhainteacha. I dtaca leis sin, moladh ionadaíocht níos mó do mhná sa talmhaíocht agus ionchur ó ghuthanna eile, amhail pobail éagsúla i dtíortha eile agus Lucht Siúil na hÉireann, ar bhealach bríoch neamhfhánach.

Luadh gurb amhlaidh, de réir mar a éiríonn an tsochaí níos uirbí, go bhfuil athrú pras ag teacht ar ár gceangal leis an talmhaíocht. Is gá, dá réir, dáimh an scoláire le gnéithe praiticiúla den talmhaíocht a chothú trína chuid foghlama san ábhar. Moladh fócas ar an oidhreacht nádúrtha agus ar an mbithéagsúlacht. D'fhéadfadh sé go gcabhródh an oidhreacht chultúrtha agus thógtha, lena n-áirítear foirgnimh, innealra agus cleachtais agus scileanna traidisiúnta feirme, leis an scoláire taithí a fháil ar an ábhar ar bhealaí praiticiúla ábhartha. Rinne roinnt freagróirí cás láidir le

cuairteanna praiticiúla agus allamuigh a ionchorprú agus gur cheart cuairt ar fheirm agus/nó suíomhanna malartacha oideachasúla a bheith éigeantach.

Dhírigh roinnt freagróirí aird ar theannas níos leithne i dtaca leis an gcomhphlé ar chleachtais talmhaíochta. Moladh gur cheart, agus sonraíocht athfhorbartha á cur i bhfeidhm, go ndéanfaí iarracht cothromaíocht a fháil idir a bheith ag dul i ngleic leis na ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar earnáil na talmhaíochta (m.sh. athrú aeráide agus bithéagsúlacht) agus taithí saoil na scoláirí sin a mbeadh a dteaghlach nó a bpobal bainteach cheana le cur i bhfeidhm polasaithe san earnáil. Le go dtarlódh sé sin, tugadh le fios go mbeadh am agus spás de dhíth ar mhúinteoirí, laistigh den churaclam, lena ligean dóibh an fhoghlaim a dhéanamh ábhartha don scoláire. Moladh deiseanna foghlama a bheadh bainteach le ceisteanna talmhaíochta áitiúla agus réigiúnacha mar chur chuige dearfach i dtaca leis sin.

Mhol freagróirí réimse de thacaíochtaí dar leo a bheadh de dhíth le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Orthu sin bhí spás saotharlainne, teicneoirí saotharlainne agus bonneagar digiteach iomchuí. Tugadh le fios go bhféadfaí foghlaim ghairmiúil múinteoirí a dhíriú ar acmhainneacht dhigiteach an scoláire a fhorbairt, le go mbeadh an tsaoirse aige dul i ngleic le gnéithe eolaíochta talmhaíochta a CMB; measadh go bhféadfaí, leis an gcur chuige seo, tacú le múinteoirí a bheadh buartha nach mbeadh na scileanna digiteacha ag a gcuid scoláirí a meastar iad a bheith riachtanach leis an CMB a chur i gcrích. Rinne freagróirí moltaí éagsúla maidir le hacmhainní, dar leo, a d’fheabhsódh a muinín i dtaca le ciall a dhéanamh den churaclam, lenar áiríodh scrúdpháipéir shamplacha a eisiúint in am trátha, treoir shamplach, CMBanna samplacha, scéimeanna oibre agus tacaíochtaí do mhúinteoirí nár de chúlra talmhaíochta iad amhail faisnéis maidir le polasaithe agus scéimeanna ábhartha talmhaíochta.

## Grafaic Dheartha agus Chumarsáide

Bhí 69 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir do Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024b). Chuir freagróirí an-fháilte roimh athfhorbairt GDC na hArdteistiméireachta. Tugann an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán léargas luachmhar ar na deiseanna, na dúshláin, agus na tacaíochtaí riachtanacha chun GDC na hArdteistiméireachta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá siad seo leagtha amach thíos.

### Deiseanna agus Dúshláin

Dar le go leor freagróirí gur deis é athfhorbairt GDC le hinneachar an ábhair mar atá faoi láthair a laghdú. Chuir siad béim ar an ngá atá le tuiscint an scoláire ar an gcéimseata a neartú, go háirithe a cuid úsáidí fíorshaoil i bhfoirmeacha struchtúrtha. Tharraing daoine eile aird ar an tábhacht atá le deiseanna a sholáthar sa churaclam athfhorbartha le go bhforbródh an scoláire scileanna sa dearadh ríomhchuidithe, sa sceitseáil saorláimhe agus sa réiteach fadhbanna deartha trína staidéar ar an gcéimseata. Thóg roinnt freagróirí ceisteanna maidir le hábharthacht roinnt réimsí roghnacha staidéir sa siollabas reatha agus mhol go ndéanfaí iad a nuashonrú d’fhonn an t-ualach oibre a laghdú, le húsáidí nua-aimseartha a léiriú níos fearr agus le réimsí níos leithne de scoláirí a mhealladh.

Shainaithin roinnt freagróirí srianta ama ina ndúshlán san eispéireas foghlama reatha don scoláire. Thug freagróirí eile le fios gurb é a eascraíonn, corruair, as an inneachar fairsing atá le clúdach, ná foghlaim de ghlanmheabhair nuair a dhíríonn an scoláire a aird ar cheisteanna a chomhlánú seachas ar thuiscint dhomhain a fhorbairt ar chroí-choincheapa. Leag roinnt freagróirí béim ar an ngá atá le níos mó deiseanna a chruthú don scoláire le tabhairt faoi phróiseas atriallach deartha agus staidéar á dhéanamh aige ar an gcéimseata. Mar an gcéanna, luaigh roinnt acu an dúshlán a bhaineann le ham a aimsiú le go bhféadfadh an scoláire scileanna sceitseála a chleachtadh agus mhol daoine eile níos mó am seomra ranga don dearadh ríomhchuidithe le foghlaim an scoláire a fheabhsú. Is deis é athfhorbairt GDC le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuir chuige oideolaíochta a chothódh rannpháirteachas níos doimhne agus a chinnteodh úsáid níos éifeachtaí ama d’fhoghlaim an scoláire.

Ábhar plé eile i measc freagróirí ba ea an chaoi a gcaitear leis an dearadh in GDC. Cé gur tharraing go leor daoine aird ar thábhacht na céimseatan, thug daoine eile le fios go bhféadfadh curaclam athfhorbartha, mar a mbeadh béim níos mó ar an dearadh, an t-ábhar a dhéanamh níos tarraingtí agus níos ábhartha do chonairí gairme comhaimseartha. De bhreis air sin, shainaithin roinnt freagróirí an dearadh uilíoch ina réimse luachmhar foghlama a d’fhéadfaí a ionchorprú isteach i staidéar GDC. B’ábhar díospóireachta é ainm an ábhair freisin agus roinnt freagróirí ag tabhairt le fios go bhfuil an t-ainm reatha míthreorach, go háirithe i dtaca le ról an deartha, agus mhol go bhfaighfí teideal níos soiléire agus níos cruinne. I bhfianaise na ndearcthaí éagsúla i dtaca le ról an deartha san ábhar, is deis é athfhorbairt GDC le féiniúlacht an ábhair a shoiléiriú agus a dhaingniú.

Thug go leor freagróirí le fios go bhféadfaí, trí theicneolaíochtaí amhail réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe, priontáil 3T agus fréamhshamhaltú/samhaltú cárta a ionchorpú, an t-ábhar a dhéanamh níos tarraingtí, níos nua-aimseartha agus níos ailínithe le conairí gairme tar éis na sraithe sinsearaí. B’ábhar plé tábhachtach é tasc an scoláire. Shainaithin go leor freagróirí deiseanna chun tasc an scoláire a athfhorbairt agus leagadh béim ar líon na n-aschur a laghdú le baint den ualach ar an

scoláire agus ar an múinteoir. Thug roinnt freagróirí le fios go mbaineann an fócas ar an tasc seo ó Mheán Fómhair go hEanáir sa séú bliain den am le haghaidh cleachtadh ar líníocht ar chlár agus ullmhúchán scrúdaithe. Dá thoradh sin, mhol siad go ndéanfaí an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) a athstruchtúrú lena cur i gcrích roimh an Nollaig sa séú bliain, rud a chruthódh níos mó deiseanna don scoláire le tabhairt faoin líníocht ar chlár nó is gné thábhachtach í seo den eispéireas foghlama. Cé gur aithin roinnt freagróirí na deiseanna féideartha a thagann leis an Intleacht Shaorga (IS) san oideachas, tharraing freagróirí eile aird ar bhuarthaí maidir le húsáid mhéadaithe IS in obair thionscadail an scoláire agus an tionchar a bheadh aige sin ar bharántúlacht na hoibre a chuirtear isteach. Thug siad le fios gur gá an curaclam a oiriúnú go cúramach le tabhairt faoin dul chun cinn seo sa teicneolaíocht.

Ábhar aiseolais eile ná úsáid bogearraí DRC (dearadh ríomhchuidithe) in GDC. Thacaigh go leor freagróirí le húsáid leantach SolidWorks mar an príomhphacáiste bogearraí cé gur leag daoine eile béim ar inrochtaineacht néalbhunaithe Onshape. Léirigh roinnt freagróirí buarthaí maidir le sláine measúnuithe dá mbeifí le haistriú go pacáiste néalbhunaithe DRC. I dtaca leis an scrúdú deiridh, leagadh béim ar an ngá atá le rogha agus solúbthacht agus go ndéanfaí breithniú cúramach ar fhormáid an scrúdaithe chun inrochtaineacht a chinntiú don scoláire.

Luaigh roinnt freagróirí go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-eolas bunúsach a theastaíonn le haghaidh GDC na hArdteistiméireachta ag scoláirí nach ndearna staidéar ar Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí, rud a chuirfeadh as dá ndul chun cinn san ábhar. Shonraigh freagróirí gur cheart go dtacódh athfhorbairt an churaclaim leis an scoláire agus é ag aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach.

## Tacaíochtaí d’athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Chuir freagróirí béim ar an ngá atá le sonraíocht churaclaim a thabharfadh soiléireacht i dtaca leis an bhfoghlaim don mhúinteoir agus don scoláire. Cuireadh béim freisin ar chinntiú na hionchuimsitheachta agus na hinrochtaineachta don uile scoláire mar thosaíocht chun an rannpháirtíocht a leathnú agus le deiseanna foghlama a fheabhsú. Leag go leor freagróirí béim ar an ngá atá le maoiniú tiomnaithe TF chun ríomhairí a uasghrádú, rud a chinnteodh go mbeadh an trealamh ag gach scoil a theastaíonn le bogearraí DRC a rith. Leag roinnt freagróirí béim chomh maith ar éagothroimí reatha i dtaca le rochtain ar acmhainní riachtanacha amhail ríomhairí ardfheidhmíochta, printéirí 3T agus bogearraí DRC, mar rud ar gá breithniú air.

Ar a bharr sin, moladh clár Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (FGM) dea-mhaoinithe struchtúrtha duine le duine, le cur le rathúlacht na hoiliúna T4 le linn chur i bhfeidhm tosaigh GDC. Ba cheart, ar na príomhréimsí le haghaidh FGM, go mbeadh sceitseáil, líníocht, athoiliúint ar bhogearraí DRC amhail SolidWorks agus Onshape agus fanacht ar an eolas maidir le teicneolaíochtaí éiritheacha amhail réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe agus IS. Tugadh le fios go bhféadfaí tacú leis an scoláire a bheadh i mbun staidéir ar GDC na hArdteistiméireachta trí thacar uirlisí deartha a fhorbairt.

Mhol roinnt freagróirí comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áireofaí iad sin san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas, i gcomhlachtaí poiblí agus reachtúla, i ngníomhaireachtaí deartha agus sa tionsclaíocht, rud a chabhródh chun an curaclam a mhúnlú le hailíniú níos fearr le hionchais ghairme todhchaí. D’iarr freagróirí freisin go n-eiseofaí ábhair shamplacha mheasúnaithe

go luath, lena n-áireofaí páipéir shamplacha agus eiseamláirí, mar aon le treoir shoiléir agus mhol go dtarlódh rannpháirteachas leanúnach le múinteoirí agus le scoláirí chun cabhrú lena chinntiú go mbíonn an curaclam i gcónaí éifeachtach ábhartha agus inoiriúnaithe do riachtanais a bheadh ag teacht chun cinn.

# Stair

Bhí 129 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar Stair na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024c) mar aon le ceithre aighneacht ó eagraíochtaí. Thacaigh na freagairtí éagsúla luachmhara seo, den chuid is mó, leis an ngá atá le hathfhorbairt agus thug léargais thairbheacha ar na deiseanna agus dúshláin, mar aon le tacaíocht riachtanach d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm na sonraíochta úire do Stair na hArdteistiméireachta agus tá breac-chuntas orthu seo go léir thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

D'aithin an mhórchuid de fhreagróirí an chomhairliúcháin go bhfuil an siollabas reatha staire stóinsithe cothrom oiriúnach. Mar sin féin, chonacthas deiseanna dóibh le haghaidh feabhsúcháin ar go leor leibhéal i sonraíocht athfhorbartha. Mar shampla, luaigh freagróirí a thábhachtaí a bheadh sé an tsonraíocht churaclaim a athfhócasú chun forbairt na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus na gcleachtas taighde a ionchorprú, rud a d'éascódh don scoláire a bheith rannpháirteach ar bhealach níos gníomhaí le hanailís, léirmhíniú agus comparáid fianaise. Chreid siad freisin gur gá aghaidh a thabhairt ar mhéid an inneachair agus bhí comhaontú ginearálta ann go mbeadh sonraíocht ina mbeadh cur chuige fócasaithe i leith na hanailíse stairiúla níos insroichte don scoláire agus go n-éascódh sé sin rannpháirteachas níos doimhne leis an inneachar. Ba ghá, áfach, cothromaíocht a bheith ann idir seo agus éagsúlacht mhór de roghanna topaice agus níos mó solúbthachta i dtaca le toghadh na roghanna seo. Mar shampla, luaigh freagróirí nach gclúdaítear stair na hAfraice, an Mheánoirthir ná na hÁise agus luaigh an cur chuige iarthar-lárnaithe i leith an inneachair ábhair reatha atá i réim. Chreid freagróirí freisin gur ghá guthanna na bpobal imeallaithe, stair na mban, stair an lucht oibre agus stair áitiúil a chuimsiú sa tsonraíocht úr.

Agus stair na hArdteistiméireachta á hathfhorbairt, luaigh freagróirí go raibh deis ann athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe measúnaithe reatha. Chreid go leor freagróirí go mbeadh béim laghdaithe ar an scrúdú scríofa deiridh tábhachtach don scoláire agus gur bealach leis an mbéim laghdaithe seo a bhaint amach é an t-ualú méadaithe ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB). Dúirt roinnt freagróirí freisin gur tháinig deis leis an athfhorbairt le scrúdcheisteanna a dhearadh lena dtabharfaí tús áite don smaointeoireacht anailíseach thar an mearscríobh.

Bhí bunús na bhfreagróirí ag iarraidh Tuairisc an Staidéir Taighde (TST) a choinneáil i bhformáid éigin agus chreid gur ionstraim úsáideach í an TST seo chun scileanna taighde agus smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt. Chreid freagróirí freisin go raibh sé tábhachtach cur chuige digiteach maidir le forbairt na scileanna taighde agus smaointeoireachta criticiúla a chomhtháthú, go háirithe i gcomhthéacs an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a aithint mar aon le húsáid iomchuí na hIntleachta Saorga (IS).

Ó thaobh na ndúshlán de, bhí freagróirí buartha gur gá aon athfhorbairt a bheith treoraithe ag múinteoirí a mbeadh eolas praiticiúil acu ar rannpháirteachas le hinneachar an ábhair i dtimpeallacht an tseomra ranga. Mar a luadh cheana, tá meas ag daoine ar an siollabas reatha agus bhí freagróirí buartha go bhféadfadh sé go gcaillfí go leor de na topaicí san athfhorbairt. D'aithin siad gur gá athfhócasú agus athfhormáidiú éigin a tharlú ach gur gá croí an tsiollabais a choinneáil.

Cé gur chuir go leor freagróirí fáilte roimh an méadú ar luach an CMB go dtí 40%, bhí roinnt daoine buartha maidir le húsáid IS go háirithe (ach ní go heisiach) i gcomhthéacs an TST a chomhlánú. De bhreis air sin, d'aithin siad an tábhacht atá le húsáid na teicneolaíochta digití chun

foinsí a aimsiú, a iniúchadh agus a anailísiú agus bhí siad buartha go bhféadfadh sé go mbainfí úsáid mhíchuí as IS sa spás seo. Dar leo gur gá cur chuige eiticiúil i leith úsáid IS a chur isteach sa tsonraíocht chun a leithéid d’fhadhbanna a sheachaint. Dúshlán eile i dtaca leis an bpróiseas athfhorbartha ná scoileanna a mbeadh rochtain theoranta acu ar an teicneolaíocht. Chreid freagróirí go mbeadh sé ina streachailt ag go leor scoláirí rochtain a fháil ar an teicneolaíocht, rud a d’imreodh tionchar diúltach ar a staidéar taighde agus a bhuanódh timthriall míbhuntáiste. Bhí dáileadh amach bainistithe na teicneolaíochta, agus maoiniú leorga ag gabháil leis, ríthábhachtach dar le go leor freagróirí le go n-éireoidh le cur i bhfeidhm na sonraíochta úire.

Bhí freagróirí buartha faoin ualach oibre ar mhúinteoirí atá ard cheana féin agus, leis an scilbhisiú a bheadh ag teastáil sula ndéanfaí an tsonraíocht úr a theagasc, go mbeadh ualach níos mó ar mhúinteoirí staire. Ina fhianaise sin, rinne go leor freagróirí trácht ar an tábhacht atá le hoiliúint ghairmiúil chuí thráthúil, conair shoiléir i dtreo chur i bhfeidhm na sonraíochta agus rochtain luath ar pháipéir shamplacha agus ar threoirlínte measúnaithe. B’ábhar buartha pleanáil na spriocdhátaí don CMB freisin do fhreagróirí a thug le fios go raibh ar a laghad 7 n-ábhar idir lámha ag an scoláire ina bhfuil CMB ag teastáil agus, go deimhin, gur theagasc go leor múinteoirí 2 nó 3 ábhar a chuimsigh na CMBanna nua seo. D’iarr siad go ndéanfaí spriocdhátaí a phleanáil go cúramach chun strus gan ghá ar an scoláire ag pointí criticiúla sa bhliain dheireanach a sheachaint.

## Tacaíochtaí d’athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Thug freagróirí le fios go bhfuil clár d’fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí fócasaithe iomchuí ríthábhachtach freisin le go n-éireoidh leis an gcur i bhfeidhm. Ní mór go mbeifí meabhrach, leis an gclár, ní hamháin ar an inneachar stairiúil ach ar straitéisí agus modheolaíochtaí teagaisc a bheadh dírithe ar scileanna smaointeoireachta criticiúla agus taighde a fhorbairt don scoláire.

Chreid freagróirí go raibh cothromaíocht idir eolas stairiúil agus scileanna anailíse ríthábhachtach don tsonraíocht úr agus, ina fhianaise sin, shonraigh siad gur gá go dtiocfadh laghdú ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus go mbeadh cur chuige níos ilchineálaí i leith modheolaíochtaí measúnaithe ann. Ní mór go gcuirfí san áireamh sna modheolaíochtaí measúnaithe seo dul chun cinn IS. Bhí comhaontú láidir i measc na bhfreagairtí go mbeidh treoir agus tacaíochtaí suntasacha ag teastáil lena chur ar chumas múinteoirí plé le húsáid IS i gcomhthéacs an mheasúnaithe. Chuirfeadh rúibric, eiseamláirí agus scéimeanna marcála soiléire freisin leis an tsoiléireacht a theastaíonn nuair a bheifí ag plé leis an tsonraíocht nua. Chreid roinnt freagróirí freisin go mbeadh gluais ina mbeadh sainmhíniú ar théarmaí ina huirlis úsáideach chun inneachar stairiúil a iniúchadh nó d'fhéadfadh sé go dtacóidís seo leis an múinteoir agus leis an scoláire nuair a bheifí ag plé le topaicí casta agus go gcabhródh sé chun tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an úsáid teanga i gcomhthéacsanna stairiúla éagsúla. Ar a bharr sin, d’fhéadfadh sé go gcabhródh rochtain don scoláire ar thaisclann dhigiteach d’acmhainní le réimse leathan d’fhoghlaim i dtimpeallacht an tseomra ranga agus nuair a bheifí ag gabháil d’obair thionscadail.

Thug freagróirí le fios go bhfágfadh athstruchtúrú cúramach ar an tsonraíocht go dtiocfadh buntáistí fadtréimhseacha don scoláire i dtaca lena thuiscint ar imeachtaí staire agus lena scileanna chun na hiarmhairtí a tháinig lena leithéid d’imeachtaí a thuiscint, a anailísiú agus a léirmhíniú.

## Eacnamaíocht Bhaile

Fuarthas 218 freagairt don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar Eacnamaíocht Bhaile – Siollabas Eolaíoch agus Sóisialta, na hArdteistiméireachta (CNCM 2025d). Tá leagtha amach sa tuarascáil na croí-dheiseanna, na dúshláin agus na tacaíochtaí riachtanacha a shainaithin freagróirí le go n-éireodh leis an athfhorbairt agus cur i bhfeidhm, agus tá breac-chuntas orthu sin go léir thíos.

### Deiseanna agus Dúshláin

Bhí freagróirí dearfach den chuid is mó i dtaca le hEacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta agus d'aithin luach an ábhair maidir le bheith ag cur le maireachtáil shláintiúil inbhuanaithe, cé gur shainaithin siad gnéithe ar gá iad a thabhairt cothrom le dáta. Bhí tacaíocht mhaith ann do na croí-théamaí, mar atá, bia agus cothú, inbhuanaitheacht, bainisteoireacht acmhainní agus staidéir shóisialta, agus d'iarr freagróirí go ndéanfaí na réimsí sin a nuashonrú le ceisteanna agus cuir chuige chomhaimseartha a léiriú. D'fháiltigh freagróirí roimh an deis, leis an tsonraíocht úr, chun bogadh ar shiúl ó fhaisnéis fhíriciúil a chur de ghlanmheabhair, amhail dlíthe tomhaltais nó an chaoi a n-oibríonn gléasanna, agus an fócas a aistriú go cur i bhfeidhm eolais i gcomhthéacsanna praiticiúla.

Léirigh an comhairliúchán tacaíocht láidir d'athchothromú na hEacnamaíochta Baile ón bhfócas teoiriciúil atá ann faoi láthair go dtí foghlaim níos praiticiúla agus níos feidhmí. Mhol freagróirí go ndéanfaí scileanna praiticiúla a chomhtháthú síos tríd an tsonraíocht agus go mbeadh béim faoi leith ann ar scileanna praiticiúla bia, ach go gcuimseofaí chomh maith oideachas tomhaltais, scileanna praiticiúla teicstíle agus an bhainisteoireacht acmhainní á cur i bhfeidhm i gcásanna fíorshaoil. Chinnteodh sé sin, dar leo, go mbíonn an t-ábhar ábhartha bríoch i gcónaí don scoláire agus feidhmeanna fíorshaol ag baint leis i dtaca leis an saol laethúil, le gairmeacha todhchaí agus leis an maireachtáil neamhspleách tar éis na scoile.

Tháinig athfhorbairt na gcur chuige i leith an mheasúnaithe chun cinn mar dheis faoi leith. Mheas freagróirí gur deis shuntasach don scoláire é scrúdú ar scileanna praiticiúla bia a thabhairt isteach, mar a mbeadh ar an scoláire cur i bhfeidhm a thuisceana ar an gcothú mar aon le scileanna praiticiúla bia a léiriú i bhfíor-am, lena chuid foghlama a léiriú seachas scrúdú nach mbeadh ach tabhairt chun cuimhne na teoirice i gceist leis. Léiríodh míshásamh ar bhonn forleathan le measúnú reatha na Dialainne Staidéar Bia nó cuireadh síos di go dtógann sí an iomarca ama, go bhfuil sí trom ó thaobh teoirice de agus mí-éifeachtach i dtaca le measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim phraiticiúil.

Sainaithníodh an éagothroime inscne ina measc sin a roghnaíonn an Eacnamaíocht Bhaile ina dúshlán agus ina deis chun rudaí a athrú. Léiríodh go soiléir sa Cháipéis Eolais go mbíonn titim shuntasach ar rannpháirtíocht buachaillí san Eacnamaíocht Bhaile idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Mhol freagróirí go láidir go ndéanfaí an curaclam a nuashonrú agus go ndéanfaí íomhá an ábhair a choigeartú lena dhéanamh níos ionchuimsithí. Tarraingíodh aird arís agus arís eile ar mhéadú na béime ar scileanna praiticiúla bia, ar an gcothú agus ar scileanna saoil a bheadh ábhartha ar bhonn uilíoch, mar rud riachtanach chun an t-ábhar a dhéanamh níos tarraingtí. Cé gur mhol mionlach de fhreagróirí do ndéanfaí an t-ábhar a athainmniú lena dhéanamh níos tarraingtí, bhí bunús na bhfreagróirí i bhfách le "Eacnamaíocht Bhaile" a choinneáil, ach an íomhá a athbhrandáil. Léiríodh i rith an ama san aiseolas an gá atá le steiréitíopaí a cheistiú

nó go bhfuil an t-ábhar ábhartha don uile scoláire, beag beann ar inscne, agus aird a dhíriú ar sheasamh idirnáisiúnta an disciplín agus ar a chreidiúnacht acadúil.

Mhúscail ról na dteicstílí i gcuraclam athfhorbartha Eacnamaíochta Baile tuairimí éagsúla. Mhol roinnt freagróirí go n-ionchorprófaí teicstílí isteach sa tsonraíocht trí fheidhmeanna comhaimseartha amhail an faisean inbhuanaithe agus an dearadh intí. Thug siad le fios go bpléann an t-oideachas teicstílí le dúshlán domhanda an ró-thomhaltais agus go dteagascann sé faoin tomhaltas eiticiúil. Is é an argóint a bhí ag daoine eile, go bhfágann srianta na sonraíochta 180 uair an chloig agus an gá atá le gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla a athchothromú gurb éigean díriú ar chroí-thopaicí an bhia, an chothaithe agus na bainisteoireachta acmhainní agus go mbeadh an fhéidearthacht ann go mbainfí teicstílí amach go hiomlán. Léiríonn an éagsúlacht tuairimí sin gur gá breithniú cúramach a dhéanamh ar theicstílí sa tsonraíocht athfhorbartha agus gur treo áititheach le haghaidh forbairt curaclaim é an fhéidearthacht go mbeadh gné teicstílí nua-aimseartha ann.

Leag freagróirí béim ar an gcaoi a gcaithfidh an scoláire scileanna litearthachta digití a fhorbairt san Eacnamaíocht Bhaile. Tá na scileanna seo ag éirí níos tábhachtaí de réir mar a éiríonn an teicneolaíocht sa bhaile níos forbartha nó bíonn ar an scoláire eolas bia ar líne a mheas go criticiúil, anailís a dhéanamh ar lipéid dhigiteacha bia, úsáid a bhaint as ardáin oideas agus bogearraí a úsáid le haghaidh tascanna amhail pleanáil agus buiséadú béilí. Is amhlaidh, áfach, gur nocht an comhairliúchán buarthaí maidir leis an éagothroime dhigiteach agus leibhéil éagsúla de rochtain ag scoileanna ar an teicneolaíocht, rud a d’fhágfadh an scoláire faoi mhíbhuntáiste i scoileanna ina mbeadh acmhainní teoranta TFC.

Tharraing freagróirí aird arís agus arís eile le linn an chomhairliúcháin ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú go tréimhsí ranga aon uair an chloig.

## Tacaíochtaí d’athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Sainaithníodh go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí éigeantach. Leag freagróirí béim ar an ngá atá le foghlaim ghairmiúil duine le duine do mhúinteoirí chun scilbhisiú a dhéanamh i réimsí praiticiúla, amhail scileanna praiticiúla bia, eolaíocht an bhia, teicstílí agus faisean, litearthacht dhigiteach agus modhanna oideolaíochta comhaimseartha le haghaidh foghlaim fheidhmeach. Ba cheart, go hidéalach, an tacaíocht seo a chur ar fáil tamall maith roimh an gcur i bhfeidhm agus d’iarr freagróirí go gcuirfí samplaí den CMB agus scrúdpháipéir shamplacha ar fáil le linn na hidirthréimhse seo.

Thug freagróirí le fios go n-éilíonn nádúr praiticiúil na hEacnamaíochta Baile acmhainní suntasacha agus go bhfuil go leor scoileanna ag streachailt chun saoráidí a chothú nó a uasghrádú. Le go mbeidh scoileanna in ann sonraíocht a bhféadfadh fócas méadaithe ar fheidhmeanna teagmhálacha praiticiúla a bheith ag baint léi a chur i bhfeidhm go héifeachtach, leag freagróirí béim ar an ngá atá le seomraí ranga lánfheistithe praiticiúla. Mhol roinnt freagróirí freisin go mbeadh teicneoirí seomra ranga nó cúntóirí teagaisc ann chun tacú le ranganna praiticiúla Eacnamaíochta Baile ó thaobh ullmhúcháin, socrú agus glantacháin de, rud a d’fhágfadh níos mó ama don mhúinteoir le díriú níos mó ar an teagasc agus níos lú ar an lóistíocht a bhaineann le ceachtanna praiticiúla.

Tarraingíodh aird ar rochtain fheabhsaithe ar bhonneagar teicneolaíochta digití mar rud riachtanach don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú san Eacnamaíocht Bhaile, go háirithe

i bhfianaise Coimisiún na Scrúduithe Stáit a bheith ag aistriú i dtreo formáidí digiteacha le haghaidh chur isteach na gcomhpháirteanna scríofa. D'iarr freagróirí go mbeadh maoiniú cothrom ann lena chinntiú go mbíonn gach scoil in ann acmhainní digiteacha iomchuí a chur ar fáil. Leag freagróirí béim ar an ngá a bheadh le foghlaim ghairmiúil múinteoirí a bheadh dírithe ar chomhtháthú na scileanna litearthachta digití, agus go soláthrófaí treoir i dtaca le húsáid éifeachtach eiticiúil na teicneolaíochta, lena n-áireofaí cuir chuige iomchuí i leith na n-uirlisí IS. Measadh treoirlínte soiléire ar úsáid IS a bheith riachtanach lena chinntiú go bhforbraíonn an scoláire príomhinniúlachtaí seachas é a bheith ag brath ar inneachar a bheadh ginte ag IS.

Mar fhreagairt ar líon na scoláirí a roghnódh an t-ábhar a mhéadú, d'iarr freagróirí go ndéanfaí iarracht níos mó an méid atá i gceist leis an ábhar a chur in iúl níos soiléire d'fhonn braistintí scoláirí a athrú agus lena ábharthacht i dtaca le ceisteanna comhaimseartha a thuiscint agus a ionramháil a léiriú, le conairí gairme féideartha a léiriú agus le hiarracht a dhéanamh steiréitíopaí agus míthuiscintí a dhíbirt.

## Matamaitic

Fuarthas 281 freagairt suirbhé ar líne agus fuarthas 4 aighneacht sa chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh Mhatamaitic na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024e). Ar bhonn ginearálta, thacaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin le hathfhorbairt Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. Cuireadh dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an bpróiseas athfhorbartha in iúl, mar aon le tuairimí ar shocruithe measúnaithe agus ar na tacaíochtaí riachtanacha a bheadh ag teastáil le go n-éireodh leis an gcur i bhfeidhm agus tá achoimre orthu seo go léir thíos.

### Deiseanna agus Dúshláin

D'aontaigh freagróirí leis na barúlacha a cuireadh in iúl sa Cháipéis Eolais go bhfuil an cúrsa reatha rófhada agus d'fháiltigh roimh an deis é seo a chur ina cheart tríd an athfhorbairt. Tugadh le fios go bhféadfaí, ach leithne na sonraíochta reatha a laghdú ag gach leibhéal, eispéireas níos luachmhaire tarraingtí a chothú don scoláire a d'éascódh iniúchadh níos doimhne ar an matamaitic agus ar an réiteach fadhbanna a meastar é a bheith riachtanach chun inniúlacht mhatamaiticiúil a bhaint amach.

Bhí comhaontú ann gur cheart go soláthródh an athfhorbairt deiseanna matamaiticiúla a oireann níos fearr do riachtanais an scoláire. Thug roinnt daoine le fios go bhféadfaí é sin a bhaint amach tríd an matamaitic laethúil a shonrú a bheadh de dhíth ar an scoláire don saol tar éis na scoile ag an mBonnleibhéal; an chroí-mhatamaitic a meastar í a bheith ina bunchloch don staidéar tar éis na scoile ag an nGnáthleibhéal; agus matamaitic dhian dóibh sin ar mian leo staidéar sainiúil a dhéanamh ar an matamaitic ag an Ardleibhéal. Rinne daoine eile tagairt don mhodúlú a dhéantar i ndlínsí idirnáisiúnta eile mar bhealach níos ionchuimsithí chun eispéiris mhatamaiticiúla scoile níos ábhartha agus iomchuí a chinntiú don uile dhuine.

Thuairiscigh freagróirí gur deis é an athfhorbairt seo chun an mhatamaitic a shainiú ar bhealach a spreagfadh foghlaim agus tuiscint. Aithníodh go forleathan go bhfuil gá le líofacht nóis imeachta mhéadaitheach agus le cuimhneamh pras ar eolas chun críche na héifeachtúlachta, ach nár cheart seo a mheascadh le rialacha a fhoghlaim gan réasúnaíocht.

Fuarthas go leor moltaí maidir leis an inneachar ba cheart a chuimsiú nó a bhaint san athbhreithniú ach aithníodh, mar sin féin, go mbeadh breithniú tomhaiste ag teastáil sula ndéanfaí a leithéid de chinntí. I dtaca leis sin, luadh an scóip chun inniúlachtaí fónta smaointeoireachta matamaiticiúla agus scileanna láidre réitithe fadhbanna a fhorbairt mar aon le cur chuige athnuaite i leith na céimseatan, an ailgéabair, an chalcalais agus fhorbairt na litearthachta airgeadais.

D'aontaigh freagróirí leis na tuairimí a cuireadh in iúl sa Cháipéis Eolais i dtaca le húsáid na teicneolaíochta in oideachas na matamaitice agus bhí tacaíocht ann chun teicneolaíocht amhail bogearraí dinimiciúla céimseatan agus áireamháin ghrafacha a chuimsiú.

Bhí comhaontú ann i dtaca leis na hiarmhairtí neamhbheartaithe a thit amach de thoradh thabhairt isteach phointí bónais na Lár-Oifige Iontrála mar atá sonraithe sa Cháipéis Eolais agus mheas freagróirí d'aon ghuth go bhféadfadh sé go dtiocfadh deis leis an athfhorbairt chun an cheist seo a chur ina ceart. Sainaithníodh an gá go gcuirfí am ar fáil don mhúinteoir chun an cúrsa a theagasc go dtí an doimhneacht iomchuí agus le go mbeadh eispéiris foghlama bhríocha ag an scoláire gan teacht salach ar thopaicí tábhachtacha matamaitice, ina dhúshlán suntasach. Measadh gurb ionann roghanna cúrsa iomchuí a sholáthar, mar atá luaite thuas, a d'oirfeadh níos fearr do riachtanais an scoláire agus athmhachnamh ar bhronnadh na bpointí bónais agus bealach chun é seo a fheabhsú.

Bhain an dúshlán ba mhó a luaigh freagróirí leis an CMB. Bhí braistint ann i measc go leor freagróirí gurbh é an bealach ba chothroime agus ba bhailí chun an inniúlacht mhatamaiticiúil a mheasúnú ná trí scrúdú scríofa deiridh agus dá réir, mheas na freagróirí seo gur dúshlán dosháraithe é an t-aistriú chuig scrúdpháipéar scríofa amháin agus CMB ag tacú leis. Chuir daoine eile fáilte roimh an spleáchas laghdaithe ar scrúduithe scríofa. Dar leo gur deis atá sa CMB a éascóidh cur chuige níos solúbtha scoláire-lárnaithe, a sholáthróidh taithí agus úsáidí ábhartha na matamaitice agus lena bhfaighidh an scoláire seans iniúchadh a dhéanamh ar réimsí a mbeadh spéis phearsanta aige iontu mar a bhféadfadh sé gnóthachtáil a dhéanamh i dtimpeallacht nach mbeadh aon bhrú ag baint léi.

D'easaontaigh freagróirí d'aon ghuth le hualú 40% an CMB mar gheall ar an mbraistint go mbeidh sé éasca ag an scoláire rathúlacht a bhaint amach sa chomhpháirt seo, rud a fhágfaidh go mbeidh brú breise ar an scrúdú scríofa deiridh. Ní raibh aon chomhaontú ann, mar sin féin, i dtaca le nádúr an CMB agus tuairimí contrártha ann i dtaca leis seo. Bhí tuairimíocht ann gurbh é a bheadh i gceist leis an CMB ná tionscadal a dhéanamh lena chur isteach chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus cé gur mheas roinnt daoine go mbeadh sé sin oiriúnach mar go spreagann sé forbairt inniúlachtaí amhail foghlaim neamhspleách agus foghlaim idir piaraí, réiteach fadhbanna, scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cruthaitheacht fheabhsaithe, níor aontaigh gach duine leis sin. Ba dhíol spéise é, i dtaca le CMB tionscadal-bhunaithe, gur bhain ábhar buartha amháin leis an mbraistint go bhféadfadh sé gurbh iad na scoláirí ardghnóthachtála is mó a bheadh faoi mhíbhuntáiste le tionscadal. Ar na moltaí eile a fuarthas, bhí scrúdú agus cead leabhair a úsáid, scrúdú rialaithe ina mbeadh anailís staitistiúil ar shonraí agus sraith de thascanna gearra a chuirfí i gcrích ag amanna éagsúla i gcaitheamh an chúrsa. Luaigh go leor daoine go raibh siad buartha faoin mbradaíl, úsáid IS agus easpa acmhainní oiriúnacha.

## Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Cuireadh síos do sholáthar na teicneolaíochta agus nuashonruithe iomchuí mar aon le foghlaim ghairmiúil múinteoirí ag tacú leis go raibh siad riachtanach le go n-éireodh le cur i bhfeidhm sonraíocht athfhorbartha. Ar a bharr sin, luaigh freagróirí an gá a bheadh le tacaíocht maidir le

bealaí leis na hiarmhairtí diúltacha a d'eascair as teacht chun cinn IS i dtírdhreach an oideachais a mhaolú. Luadh téacsleabhair agus leithdháileadh ama le haghaidh theagasc na matamaitice; tugadh le fios gur féidir go minic go gcuirfí chun cinn cuir chuige mhíchuí i leith an teagaisc agus na foghlama i dtéacsleabhair; ba cheart, dá réir, don Roinn Oideachais coimisiúnú agus maoiniú a dhéanamh ar thacar téacsleabhar a d'fhorbródh foireann saineolaithe ar a mbeadh, i measc daoine eile, múinteoirí. I dtaca leis an leithdháileadh ama le haghaidh theagasc na matamaitice agus, d'fhonn an cothromas a chinntiú, ba mhaith le freagróirí sainordú ón Roinn Oideachais i dtaca le huasmhéid ranga agus leithdháileadh na n-uaireanta teagaisc. Luadh an gá a bheadh le tacaíochtaí dírithe do mhúinteoirí ar bheagán taithí agus don scoláire a bheadh ag streachailt leis an matamaitic.

# Ceol

Bhí 122 freagra ar an suirbhé ar líne don chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir do Cheol na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024f). Thacaigh freagróirí, ar bhonn ginearálta, le hathfhorbairt Cheol na hArdteistiméireachta agus le tráthúlacht na hathfhorbartha sin. Tugann an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán léargas luachmhar ar na deiseanna, na dúshláin, agus na tacaíochtaí riachtanacha chun Ceol na hArdteistiméireachta a athfhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá breac-chuntas orthu sin thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

D'aithin freagróirí go raibh go leor le moladh sa siollabas reatha agus ina mheasúnú ach shainaithin deiseanna, san am céanna, a thiocfadh le hathfhorbairt an churaclaim. Bhíothas sásta, ar bhonn forleathan, go bhfanfadh an t-ábhar ab initio ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal agus fáiltíodh roimh an deis leanúnachas a chur ar fáil idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

Ba léir ó na freagróirí gur mian le daoine cur chuige níos comhtháite i leith na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhithe i sonraíocht athfhorbartha. Leis seo a bhaint amach, measadh go mbeadh gá le hathruithe ar na cuir chuige oideolaíochta agus ar an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht a bheith struchtúrtha agus measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim.

Ó thaobh na cumadóireachta de, tugadh le fios gurbh amhlaidh, i sonraíocht athfhorbartha, go gcuirfí go mór le deiseanna cruthaitheacha ach an scoláire a bheith in ann a chuid ceoil a chloisteáil agus cead a bheith aige gléas ceoil nó an teicneolaíocht a úsáid le cabhrú leis cumadóireacht a dhéanamh. Measadh go bhféadfadh sé go gcuirfeadh an fhorbairt sin an féinléiriú chun cinn agus go gcuirfeadh sí níos mó roghanna ar fáil don scoláire, ina chuid próiseas cruthaitheach, agus sna saothair a chumfadh sé. Measadh freisin gurbh ionann gléas ceoil nó teicneolaíocht a úsáid agus léiriú níos fearr ar an gcaoi a gcruthaítear ceol i láthair na huaire san fhíorshaol.

Rinneadh tagairt do Phunann Chumadóireachta, rud a úsáidtear faoi láthair sa tsraith shóisearach mar dheis a d'fhéadfaí a chur chun cinn sa tsraith shinsearach. Tugadh le fios go bhféadfadh na deiseanna machnaimh a thagann le húsáid punainne cur le heispéiris fheabhsaithe ceoil don scoláire sna trí chomhpháirt, cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú. Ar na dúshláin a luadh, bhí an chaoi a dtabharfaí aitheantas agus marcanna do phunann sa mheasúnú.

Mhol roinnt freagróirí níos mó neamhspleáchais don scoláire i dtaca le formáidí nodaireachta sna saothair a chumfadh sé. Cé gur braitheadh gur cuid bhunúsach d'fhoghlaim an scoláire í nodaireacht an Iarthair, léiríodh san aiseolas gur cheart níos mó saoirse agus solúbthachta a bheith ann i dtaca leis an scoláire formáidí nodaireachta eile a úsáid. Mar sin féin, aithníodh go bhféadfadh sé é seo a bheith dúshlánach nó bheadh leibhéil éagsúla de thaithí ag múinteoirí ar chineálacha eile nodaireachta nach nodaireacht an Iarthair iad.

Rinneadh tagairt go minic do leathnú réimse an cheoil a mbeadh an scoláire ag plé leis mar chuid de shonraíocht athfhorbartha mar dheis chun scóip an ábhair a leathnú agus a dhoimhniú. Fáiltíodh roimh dheiseanna chun: cothromaíocht inscne níos mó a sholáthar i dtaca leis an gceol a mbíonn an scoláire ag éisteacht leis; an repertoire a nuachóiriú; bheith ag plé le réimse níos mó de stíleanna; díriú ar fhorbairt na cluasfheasachta agus na cluastuisceana agus ar an idirchaidreamh idir stíleanna éagsúla; agus repertoire a roghnú a d'fheabhsódh deiseanna oideolaíochta le haghaidh chomhtháthú na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhithe sa seomra ranga.

Léirigh go leor freagróirí gurbh fhearr leo saothair dhualgais nó liosta molta de shaothair nó stíleanna as a bhféadfaí rogha a dhéanamh seachas saoirse iomlán rogha, nó sholáthródh an cur chuige seo creat caighdeánaithe éisteachta don uile scoláire.

Ar bhonn ginearálta, bhí freagróirí i bhfách le Ceol Traidisiúnta na hÉireann a chuimsiú i sonraíocht athfhorbartha. Luadh cúiseanna oidhreachta agus cultúrtha lena chuimsiú agus mheas go leor freagróirí gur deis í an athfhorbairt leis an bhfoghlaim a dhíriú sa réimse seo trí eispéiris chluaise.

Tháinig go leor aiseolais isteach i gcaitheamh an chomhairliúcháin i dtaobh chomhpháirt an taibhithe. Mheas freagróirí, ar bhonn ginearálta, gurbh é an taibhiú an cineál CMB ab oiriúnaí don ábhar. Léiríodh roghnachas láidir san aiseolas go mbronnfaí 50% de na marcanna ar mheasúnú taibhiú-bhunaithe. Ar na fáthanna a luadh leis sin, bhí nádúr praiticiúil an cheoil, leibhéil arda de shásamh scoláire agus an fhéidearthacht go gcuirfeadh an taibhiú le roghnú an ábhair. I measc an aiseolais eile a bhain leis an taibhiú, bhí moltaí chun: na paraiméadair taibhithe a leathnú don scoláire (ar an téad chéanna leis an tsraith shóisearach, rud ar cuireadh síos dó go raibh sé ionchuimsitheach); go dtabharfaí isteach nóta cláir a chruthú le dul le taibhiú an scoláire; lena éascú don scoláire saotha(i)r a bheadh cumtha aige féin a sheinm mar chuid den taibhiú; agus chun taibhithe a dhíriú ar théama faoi leith. Mhol roinnt freagróirí go ndéanfaí riachtanais mheasúnaithe an taibhithe a laghdú agus iad ag lua dúshlán maidir le cothromas agus inrochtaineacht do roinnt scoláirí.

Chonacthas do fhreagróirí gur deis í an athfhorbairt chun breithniú a dhéanamh ar cheisteanna níos leithne amhail an luach fadsaoil a bhaineann le foghlaim an cheoil, scileanna a d'fhéadfaí a úsáid i ngairmeacha ceoil, ceol feidhmeach agus tionscal an cheoil.

Bhí comhaontú leathan ann go dtiocfadh deiseanna leis an athfhorbairt chun cuimsiú na teicneolaíochta digití a nuachóiriú. Tháinig aiseolas isteach a thug le fios go dtiocfadh go leor deiseanna leis an teicneolaíocht dhigiteach lena n-áirítear: chun tacú leis an scoláire sa chumadóireacht chruthaitheach, i socrú an cheoil agus lena éascú don scoláire cumadóireacht a dhéanamh ar bhonn comhoibritheach; agus chun cleachtais chomhaimseartha tionscail agus spéiseanna an scoláire a léiriú. Ar na moltaí i dtaca le nithe ar cheart breithniú a dhéanamh orthu i sonraíocht athfhorbartha, bhí éifeachtaí próiseála, léiriú, cúrsaí cóipchirt, foilsitheoireacht, margaíocht agus na meáin shóisialta. Chuir go leor scoileanna síos don chothromas agus don rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach gur dúshláin iad.

## Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Rinne freagróirí tagairt do roinnt buarthaí maidir leis an am a bheadh ar fáil chun cur i bhfeidhm sonraíochta ceoil athfhorbartha a bhainistiú i gcomhthéacs athfhorbairt fhoriomlán na sraithe sinsearaí. Measadh forbairt ghairmiúil thráthúil duine le duine do mhúinteoirí sula dtabharfaí isteach an tsonraíocht a bheith éigeantach chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil. Ar na croí-réimsí a sainaithníodh le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí spriocdhírithe, bhí an teicneolaíocht dhigiteach, cumadóireacht chruthaitheach agus tacaíochtaí pleanála lena leagfaí amach cuir chuige éifeachtacha oideolaíochta.

Rinneadh tagairt d'acmhainní, lenar áiríodh infheistíocht i ngléasanna teicneolaíochta digití, rochtain ar bhogearraí gairmiúla ceoil dhigitigh, crua-earraí bunúsacha ceoil amhail micreafóin agus aimpliúchán agus uirlisí ceoil na scoile a uasdátú, mar rudaí a bheadh ríthábhachtach i dtaca le hathfhorbairt an ábhair.

Luadh go forleathan an gá atá le soiléireacht i dtaca le torthaí foghlama agus spriocanna measúnaithe. Thug freagróirí le fios gur cheart ábhair shamplacha measúnaithe, lena n-áireofaí scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála samplacha a sholáthar, a chur ar fáil chomh luath agus is féidir chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta.

# Fisic agus Ceimic

Fuarthas 12 fhreagairt suirbhé ar líne agus 1 aighneacht sa chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh Fhisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta (CNCM, 2024g). Thacaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin i gcoitinne le hathfhorbairt Fhisic agus Ceimic agus le tráthúlacht na hathfhorbartha sin. Roinn siad a gcuid tuairimí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an t-ábhar a athshamhlú, a thabhairt cothrom le dáta agus a dhéanamh níos tarraingtí do níos mó scoileanna agus scoláirí, tríd an bpróiseas athfhorbartha. Cuireadh dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an bpróiseas athfhorbartha in iúl, mar aon le tuairimí ar shocruithe measúnaithe agus ar na tacaíochtaí riachtanacha a bheadh ag teastáil le go n-éireodh leis an gcur i bhfeidhm agus tá achoimre orthu seo go léir thíos.

## Deiseanna agus Dúshláin

D'fháiltigh freagróirí roimh an deis chun an curaclam a athfhorbairt, agus iad ag tabhairt le fios go minic go bhfuil an t-ábhar seanaimseartha agus an siollabas tacaíochta doiléir. Shonraigh siad, go háirithe, an fhéidearthacht go bhféadfaí an t-ábhar a athainmniú chun sonraíocht nua-aimseartha athshamhlaithe a léiriú ag a mbeadh aidhmeanna agus cuspóirí soiléire agus torthaí foghlama ag tacú léi, a bheadh ar comhchéim le hábhair eolaíochta Ardteistiméireachta eile. Shainaithin go leor freagróirí tábhacht na hoibre imscrúdaithí agus chonacthas dóibh gur deis í an athfhorbairt chun torthaí foghlama a chuimsiú a mbeadh fócas praiticiúil ag baint leo.

Chuir go leor freagróirí síos do na deiseanna a thiocfadh le rannpháirteachas le húsáidí fíorshaoil na fisice agus na ceimice araon mar dheis shuntasach. Tá d'fhéidearthacht, ach fócas ar an tionscal agus ar ghairmeacha a chuimsiú, go spreagfaí eispéireas ábhartha spreagúil don scoláire agus aistriú ón mbéim reatha ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. Cuireadh síos do bhéim churaclaim ar chur i bhfeidhm an eolais agus na tuisceana ar chásanna úrnua go raibh sé inmhianaithe agus gur léiriú é ar an méid a mbeifí ag súil leis san áit oibre.

Cuireadh síos don deis uathúil a thagann leis an ábhar, mar atá, staidéar a dhéanamh ar an bhfisic agus ar an gceimic araon, mar ábhar amháin d'fhonn bunsraith láidir a fhorbairt sna heolaíochtaí fisiceacha, gur díol suntais atá ann agus gur rud é ba cheart a choinneáil san athfhorbairt. Ba cheart go leanfadh an t-ábhar athfhorbartha de bheith ag tacú leis an scoláire le bheith ag plé le réimse ilchineálach de roghanna todhchaí lena n-áirítear conairí ETIM. Léirigh roinnt daoine buaireamh go bhféadfadh sé go n-éireodh an tsonraíocht athfhorbartha róthrom ó thaobh inneachair de, go háirithe i bhfianaise nádúr idirdhisciplíneach an ábhair agus go bhféadfadh sé go n-eascródh éifeacht neamh-inmhianaithe as sin, mar atá, go gcúngófaí a tharraingt. Moladh cothromaíocht a fháil laistigh den tsonraíocht idir forbairt an chroí-eolais agus scileanna imscrúdaithe inoiriúnaithe mar aon le fócas ar fhoghlaim dhomhain seachas éadomhain, mar bhealach leis an mbuaireamh sin a mhaolú.

Cuireadh go leor moltaí chun cinn i dtaca leis an bhfoghlaim a d'fhéadfaí a chuimsiú i sonraíocht athfhorbartha lenar dóchúil go bhféadfaí Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta a nuachóiriú. Luadh go sonrach, mar thopaicí ab fhiú a chuimsiú, ceimic agus fisic ghlas, eolaíocht chomhshaoil, méadracht ghlas agus an geilleagar carbóin, fisic agus ceimic atmaisféarach, athrú aeráide, caighdeán an aeir, teicneolaíochtaí gabhála carbóin, imoibrithe a bheadh tíosach ar fhuinneamh, dul chun cinn eolaíochta na nua-aoise, nanaitheicneolaíocht agus nua-ábhair, speictreascópacht agus fótónaic, ceimic ríomhaireachtúil, cógaisíocht, stóráil fuinnimh lena n-áirítear cadhnraí,

innealtóireacht cheimiceach agus rialú próiseas, ceimic chandamach agus samhaltú móilíneach, intleacht shaorga/meaisínfhoghlaim, caomhnú agus seandálaíocht. Moladh comhpháirtíochtaí a fhorbairt le lucht tionscail freisin mar bhealach le hailíniú a chinntiú idir an tsonraíocht athfhorbartha agus cleachtais agus gairmeacha nua-aimseartha tionsclaíochta. Luadh freisin an deis chun naisc a chruthú le dúshláin dhomhanda agus shóisialta níos leithne amhail an inbhuanaitheacht. I dtaca leis na deiseanna eile ar tarraingíodh aird orthu, rinneadh tagairt d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha amhail réaltacht bhreisithe agus acmhainneacht na nithe seo chun imscrúduithe turgnamhacha a fheabhsú agus chun tacú, trí shamhaltú agus ionsamhlúchán, le rannpháirteachas bríoch le coincheapa teibí amhail idirghníomhuithe móilíneacha agus meicníochtaí imoibrithe. Luaigh roinnt freagróirí na deiseanna a bhaineann le sonraíocht níos foghlaimeoir-lárnaithe, lena gcuirfí chun cinn fiosrú agus modheolaíochtaí gníomhacha teagaisc agus foghlama.

Cuireadh roinnt tuairimí chun cinn i dtaca le stádas an ábhair. I láthair na huaire, ní ceadmhach don scoláire a bheadh i mbun staidéar ar Fhisic na hArdteistiméireachta agus/nó Ceimic na hArdteistiméireachta Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta a roghnú. Luaigh roinnt freagróirí deiseanna a bheith ag baint le deireadh a chur leis an gcosc sin, cé go bhfacthas deiseanna do dhaoine eile lena choinneáil. Ní raibh aon chomhaontú ann ar an gceist, agus roinnt daoine ag iarraidh go ndéanfaí cúrsa forlíontach d'Fhisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta do na scoláirí sin a bheadh i mbun staidéar ar Fhisic na hArdteistiméireachta agus/nó Ceimic na hArdteistiméireachta, cé go raibh daoine eile den bharúil gur fiú rochtain a theorannú go dtí na scoláirí sin nach mbeadh ag iarraidh ceangal a chur orthu féin nó cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi Fhisic na hArdteistiméireachta agus/nó Ceimic na hArdteistiméireachta aisti féin.

Shonraigh roinnt daoine gur ceist thábhachtach, a dteastaíonn soiléiriú ina leith, í an bhraistint i measc roinnt scoláirí agus múinteoirí, a bhfuil tagairt ann di sa Cháipéis Eolais, nach nglactar le Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta mar ábhar eolaíochta le haghaidh iontrála chuig gach cúrsa faoi chóras na Lár-Oifige Iontrála agus UCAS.

Luaigh roinnt freagróirí dúshláin a bhaineann leis an CMB nó rinne siad tagairt do bhuarthaí córasacha níos leithne amhail ró-ualú measúnaithe, scrogall féideartha measúnaithe sa chóras, úsáid IS, strus ar an múinteoir agus ar an scoláire agus an chaoi a bhféadfadh sé go mbeadh an CMB ina bacainn don scoláire a bheadh i mbun staidéar ar ábhair iolracha eolaíochta sa tsraith shinsearach. Ar a bharr sin, luadh roinnt buarthaí maidir leis an CMB sna scoileanna sin ina mbeadh an t-ábhar á theagasc ag beirt mhúinteoirí éagsúla. Shonraigh daoine eile na deiseanna a thiocfadh leis an gcur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe ach CMB a bheith ann, amhail aistriú san fhócas ó chultúr measúnaithe a bheadh dírithe go príomha ar scrúduithe scríofa. Tugadh le fios, áfach, go bhféadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama le héirí cleachta lena leithéid d'athchoigeartú.

Rinneadh réimse de mholtaí maidir le nádúr féideartha CMB, lenar áiríodh cás-staidéir fíorshaoil, feidhmeanna praiticiúla, staidéir thaighde, obair fiosraithe phraiticiúil, ionramháil agus anailís sonraí lena n-áireofaí tátail a bhaint agus cinntí a dhéanamh.

## Tacaíochtaí d'athfhorbairt agus cur i bhfeidhm

Shainaithin freagróirí roinnt tacaíochtaí, dar leo, a bheadh riachtanach le go n-éireodh le cur i bhfeidhm shonraíocht athfhorbartha Fhisic agus Cheimic na hArdteistiméireachta. Chuimsigh siad

sin deiseanna le haghaidh foghlaim ghairmiúil, bonneagar digiteach, teicneoirí saotharlainne a chur ar fáil agus maoiniú le haghaidh trealamh saotharlainne agus tomhaltán. Luadh rochtain chothrom ar thacaíochtaí do gach aon scoil mar riachtanas, lena n-áireofaí scoileanna ina bhfuil an t-ábhar ar tairiscint acu faoi láthair. Mhol roinnt freagróirí gur cheart cáipéisí tacaíochta measúnaithe a sholáthar ar fhoilsiú na sonraíochta.

Luaigh freagróirí go leor deiseanna le haghaidh cur chuige i leith na forbartha gairmiúla, lenar áiríodh foghlaim ghairmiúil múinteoirí shaincheaptha a thairiscint trí phobail cleachtais lena mbeadh baint ag lucht tionscail, ollscoileanna agus ionaid taighde, do gach múinteoir – idir mhúinteoirí úra, mhúinteoirí bunaithe agus mhúinteoirí nach mbaineann go sainiúil leis an réimse. Moladh cúrsaí tiontaithe a thairiscint chun tacú le múinteoirí d'fhonn cáilíocht a bhaint amach leis an dá ábhar a theagasc (Fisic agus Ceimic) mar bhealach le roinnt de na buarthaí maidir le soláthar múinteoirí a mhaolú.

## Cuid 3: Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Spreag an comhairliúchán ar na Cáipéisí Eolais agus Treoracha le haghaidh athfhorbairt na n-ábhar i dtráinse 3 aiseolas fiúntach ó éagsúlacht de dhearcthaí. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa comhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, tiomanta, taithí-bhunaithe agus sainiúil a fuarthas.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar réimse na dtuairimí agus na ndearcthaí a d'eascair as an aiseolas ón gcomhairliúchán. Tabharfaidh an t-aiseolas atá leagtha amach sa tuarascáil seo treoir agus stiúir do na meithleacha forbartha chun tabhairt faoi shonraíochtaí nua a fhorbairt do na hábhair i dtráinse 3. Leanfar d'obair na meithleacha forbartha, agus an t-aiseolas atá leagtha amach sa tuarascáil seo mar bhonn eolais acu, agus táthar ag súil le go mbeidh dréachtshonraíocht churaclaim do gach ábhar ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí in R1 de 2026.

# Tagairtí:


An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách* https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/?

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Straitéis Taighde*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/ga/resources/straiteis-taighde-2023-2026/

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024a) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/sugdoob5/ga_t3-lc-agricultural-science-bgp-dec-24.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024b) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/dkhde0us/lc-design-and-communication-graphics-background-paper-and-brief_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024c) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Stair na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/y1zhmjql/t3-background-paper-history-december-2024_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024d) Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Eacnamaíocht Bhaile – Siollabas Eolaíoch agus Sóisialta na hArdteistiméireachta, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/ymipyqi1/lc-home-economics-scientific-and-social-bgp_0125_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024e) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/lzanxlzj/cáipéis-eolais-agus-treoir-don-athbhreithniú-ar-mhatamaitic-na-hardteistiméireachta.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024f) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Cheol na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/wwzdntup/cáipéis-eolais-agus-treoir-don-athbhreithniú-ar-churaclam-ceoil-na-hardteistiméireachta.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024g) *Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Fhisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/5hko3e0a/t3-lc-physics-and-chemistry-bgp_ga.pdf

